

Eagarfhocal

Is léir le tamall anuas go bhfuil sé ar intinn ag an Tánaiste Mary Harney an plug a tharraingt ar na scéimeanna fostaíochta pobail. An fáth a thugtar ná go bhfuil folúntais fostaíochta sna cathracha agus sna bailte móra nach bhfuiltear in ann a líonadh. An méid sin ráite táthar ag cur go tréan leis na figiúirí difhostaíochta seo le roinnt míonna anuas le monarchana ag leagan amach na céadta oibrí beagnach chuile sheachtain.

Tá an líon daoine a bheidh i dteideal clárú do scéimeanna fostaíochta pobail gearrtha siar 5000 le bliain agus tuairiscí ag teacht chun cinn anois go bhfuiltear chun 5000 eile de phostanna ó scéimeanna FÁS a ghearradh. Sa ngearradh siar agus athstruchturú atáthar a dhéanamh ar na scéimeanna, níl idirdhealú ar bith á dhéanamh idir na cathracha inár chruthaigh an tíogar ceilteach fostaíocht agus na bailte beaga faoin tuath nach bhfacthas iontu ná nár shroich an tíogar ceilteach riamh iad. Cuirfidh na rialacha nua deireadh le fostaíocht pobail i gceantair thuaithe agus deireadh freisin le seirbhísí riachtanacha a chuirtear ar fáil faoi na scéimeanna.

Nuair a bunaíodh na scéimeanna fostaíochta pobail ar dtús, ní mórán smaoinimh a cuireadh isteach iontu. Ní raibh plean oibre ceart leagtha amach do na hoibrithe ná coinníollacha do na coistí a bhí ina bhfeighil, rud a thug drochainm do na scéimeanna. Ach tháinig athrú air sin. Bunaithe ar riachtanais choistí deonacha agus eagrais aitiúla cuireadh seirbhísí ar fáil sa bpobal a chuidigh leis an aosach, le hionaid lae, naíonraí, scoileanna, timpeallacht agus obair phobail go ginearálta. Fuair a raibh páirteach traenáil agus taithí mhaith oibre i réimsí éagsúla.

Líon an obair agus na seirbhísí a cuireadh ar fáil faoi na scéimeanna FÁS bearna ba cheart a bheith líonta ag seirbhísí rialtas aitiúil, go mór mór i gceantar thuaithe. Chuir an obair a rinne na scéimeanna feabhas ar shaol mhuintir na tuaithe agus go háirithe ar shaol na n-oibrithe féin. Chruthaigh an obair féinmhuinín agus mórtas ní hamháin i measc lucht na scéime ach sa bpobal go ginearálta. Thug an traenáil a bhí mar chuid den scéim, deiseanna maithe do dhaoine freastal ar chúrsaí agus ar cheardlanna, agus d'éirigh le go leor

Scéimeanna Fostaíochta Pobail i mBaol

fostaíocht a fháil dá bharr seo. I gceantair áirithe tuaithe, is iad na scéimeanna FÁS an rud is gaire d'fhostaíocht a bhí ná a bheas ar fáil, mar nár shroich an tíogar ceilteach go leor de na ceantair sin.

Bíonn laghmhisneach ag cur as do dhaoine atá difhostaithe go fadtéarmach. Thug na scéimeanna daoine le chéile agus don chéad uair ó d'fhág go leor acu an scoil bhí ról agus páirt lárnach acu sa bpobal, rud a thug misneach agus féinmhuinín dóibh.

De réir suirbhé a rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh i 2000 ar an gceantar a thagann faoi oifig na Gaillimhe, bhí 3538 duine difhostaithe, 1579 acu sin go fadtéarmach. Bhí 43% acu ina gcónaí i gceantair thuaithe. Cruthaíodh sna figiúirí go raibh ceangal láidir idir a bheith difhostaithe go fadtéarmach agus easpa scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a bheith ag duine. Go dtí gur tháinig toradh an tsuirbhé thuas amach ní raibh aon bhéim ar thacaíocht scríobh agus léamh mar chuid den traenáil, cé go raibh eagrais agus coistí ag iarraidh aird a tharraingt ar an bhfadhb agus go raibh cuid den dream a bhí ar scéimeanna ag éileamh tacaíochta.

Níl an obair seo ach tosaithe anois agus níor cheart gearradh siar uirthi.

De réir rialacha FÁS mar atá siad, is tréimhse bliana atá i gceist le scéim agus is trí bliana an t-achar is faide gur féidir le duine a chaitheamh ar an scéim. De réir na gcoinníollacha tá traenáil agus taithí oibre le fáil ag oibrithe lena n-ullmhú i gcomhair fostaíochta le linn na tréimhse sin. I gceantair thuaithe, le daonra íseal, beidh an uimhir daoine a bheas cáilithe le dul ar scéim ídithe tar éis trí bliana. Ní bheifear in ann na folúntais ar na scéimeanna a líonadh agus cuirfidh sin deireadh leis na scéimeanna. Beidh ar na daoine atá difhostaithe go fadtéarmach dul ar ais ar an dól agus fanacht air. Níl mórán

maitheasa a bheith ag rá le daoine atá leathchéad míle nó os a chionn ón gcathair go bhfuil neartjabanna le fáil sa gcathair.

Níl córas taistil ag go leor acu. Is tuismitheoirí aonair cuid mhaith (25% dóibh siúd ar an scéim fostaíocht pobail) nach bhfuil aon soláthar cúraim leanaí ar fáil dóibh. Tá cuid eile ag déanamh cúraim do ghaolta atá níos sine nó tinn agus ní féidir leo dul achar fada ón mbaile. Seo iad na cineál daoine faoin tuath a ndéanann na scéimeanna fostaíochta pobail soláthar dóibh agus a thugann saol dóibh taobh amuigh dá gcúraim bhaile.

Níor cheart deireadh a chur le córas a thugann dinít do dhuine.

Cuirfidh na hathruithe seo deireadh leis na seirbhísí tacaíochta atáthar a chur ar fáil sa bpobal faoi na scéimeanna. Dá mbeifí cinnte go gcuirfeadh an rialtas airgead ar fáil chun daoine a fhostú chun ionaid lae a ritheacht, cúntóirí a chur i naíonraí agus i scoileanna agus i seirbhísí riachtanacha eile sa bpobal, bheadh dóchas éicint ann. Ach is ag spáráil pingineacha atáthar ag cur na gciortuithe sna scéimeanna i bhfeidhm agus níl dóchas ar bith go bhfuil an rialtas chun aon airgead ceart a chaitheamh ar sheirbhísí riachtanacha faoin tuath.

Má tá athruithe le cur ar struchtúr na scéimeanna fostaíochta pobail, is gá aitheantas a thabhairt don difríocht atá idir saol na cathrach agus saol na tuaithe, an difríocht is bunúsáigh ná an léibhéal daonra atá iontu. Ní hiad na coinníollacha céanna a oireann mar nach bhfuil na deiseanna fostaíochta faoin tuath. Tá sé in am scéim a dhearadh do cheantair thuaithe a thógann san áireamh na cúinsí seo agus a dhéanann freastal freisin ar riachtanais seirbhísí sóisialta faoin tuath.



UNIVERSITY of LIMERICK
OLLSCOIL LUIMNIGH

Cúrsa Scríobh Ilmheán

Reachtáilfear cúrsa sa scríobh ilmheán faoi choimíre *Muintearas*, an Togra Oideachais Gaeltachta agus Coláiste na Ríomheolaíochta agus na gCóras Eolais, Ollscoil Luimnigh ó Mhí Dheireadh Fómhair 2003 go dtí Mí na Bealtaine 2004. Is cúrsa trí mheán na Gaeilge é seo.

Múinfear scileanna a bhaineann le húsáid agus cur in eagar na meán i gcomhthéacs ríomhaireachta, idirlín agus dlúthcheimíní (CD-Rom). Beidh an bhéim ar an obair phraiticiúil. Ar na hábhair don teastas Ollscoile sa scríobh ilmheán, beidh: forbairt phearsanta, scileanna cumarsáide; ionduchtú ginearálta den ríomhaireacht; fuaim; fis; digitáil; scríobh ilmheán; graifíci; beochan; tionscadal pearsanta 1; tionscadal pearsanta 2; scileanna fostaíochta, gnó agus flonair. Táthar ag féachaint ar fhorbairt an chúrsa seo go leibhéal an Dlopláma amach anseo.

Is féidir le daoine ón nGaeltacht, taobh amuigh den Ghaeltacht agus ó na sé chontae cur isteach ar an gcúrsa. Reachtáilfead é sa chaoi is go mbeidh rannpháirtithe as ceantair éagsúla in ann páirt a ghlacadh ann óna gceantair féin. Beidh taisteal go

dtí ceardlanna áirithe i gceist chomh maith.

Riachtanais iontrála: Ardteist, nó as cionn 23 bliana d'aois. Gearrfaidh tálle ar an gcúrsa seo.

Sprioc le haghaidh iarratais: Dé hAoine 3 Deireadh Fómhair 2003.

Tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais

Muintearas, an Togra Oideachais Gaeltachta, Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe.

Guthán: 091-551145 / 551412

Facs: 091-551277 / 551323

Ríomhphost: larionad@eircom.net

nó

Ionad an Bhuanoidéachais, Ollscoil Luimnigh, Luimneach.

Guthán: 061-333644

Facs: 061-330316

Ríomhphost: lifelonglearning@ul.ie

www.ul.ie

Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH Ceapach na gCapall

Suíomh:

Tá an t-ionad suite ar bhruach Loch Measca, le Loch Coirib ag síneadh ó dheas, Sléibhte Mhám Tuirc san lathar agus machairí aolchloch na Gaillimhe agus Foraoisí Stáit san oirthear. Tá Ceapach na gCapall suite i gceantar fíor álainn agus tá 15 acra tailte cóirithe mórchimpeall an ionaid chomh maith le 15 acra ar an oileán Rua, 300 méadar ó thanalacht Loch Measca.

Áiseanna:

Tá áit chodlata do suas le 100 duine ar fáil san ionad agus i dTeach Mór Cheapach na gCapall féin. Tá suanliosanna agus seomraí ar fáil, ag brath ar éileamh na ngrúpaí éagsúla. Tá áiseanna campála ar fáil sa deá láthair campála ar an suíomh. I measc na n-áiseanna eile tá seomra bia mór, seomra teilifíse, seomra le héadaí a thriomú, garraí mór do pháistí le cluichí a imirt, cúirt cispheile, deis cócaireachta faoin aer, suíomh tine champa.

Gníomhaíochtaí — Ar an suíomh

- Eachtraíocht faoin aer do ghrúpaí lae agus do ghrúpaí cónaithe
- Staidéar Dúlra: Geolaíocht, Tíreolaíocht agus Eiceolaíocht do mhic léinn iarbhunscóile agus tríú leibhéal
- Cúrsa forbartha foirne
- Cúrsaí i mBainistíú ar Oideachas faoin aer
- Curachóireacht, dreapadóireacht, rianadóireacht, seolmharcaíocht toinne agus seoltóireacht
- Snámh agus campáil
- Cúrsaí i nGaeilge
- Campaí Samhraidh

Gníomhaíochtaí — fad siúil ón ionad

- Ailleadóireacht
- Dreapadóireacht
- Siúl sléibhe
- Coireoireacht

Tuilleadh eolais ar fáil ó

Patricia Walsh (bainisteoir)

Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall
An Fháirche, Co. na Gaillimhe

Uimhir Ghutháin: 092-46483/46416 Uimhir facs: 092-46705